# Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige





Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

14 Eanáir 2021

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

## CÚLA4 AR AIS AR SCOIL!

Beidh **Cúla4 ar Scoil** ar ais arís ar an Luan 18ú Eanáir. Beidh múinteoir nua linn chuile choicís i gcuideachta an mhúinteora Órla. Clúdófar croí-ábhair an churaclaim, le Gaeilge, Mata agus Stair san áireamh. Cuirfear béim freisin ar na healaíon traidisiúnta, an chruthaitheacht agus ar chúrsaí folláine agus sláinte. Tosóidh an tsraith nua ar an Luan @ 10r.n. ar TG4 agus déanfar athchraoladh @ 4i.n chuile lá freisin. Beidh an tsraith ar fáil ar Sheinnteoir TG4 ar líne chomh maith.




## AN CUMANN AR TG4

Tá **Cumann Liathróid Láimhe Micheál Breathnach** ar an gCnoc agus **Cumann Dornálaíochta Chonamara** i gCasla, dhá chumann spóirt as Conamara páirteach sa séasúr nua den sraithchlár **'An Cumann'** ar TG4. Is breá an t-ómós é an clár do Cholman Ó Flatharta, beannacht Dé leis, bunaitheoir an Chumann Dornálaíochta, a bhásaigh i mí Feabhra seo caite, go gairid tar éis taifeadadh an chláir. Cloistear Colman ag caint faoin obair iontach a déantar sa gclub ar mhaithe le haos óg an cheantair. Beidh Ciana Ní Churraoin, Seaimpín an Domhain sa liathróid láimhe ag caint ar an gclár ar an Déardaoin 14 Eanáir. Is mar bhall de Chumann Liathróid Láimhe Micheál Breathnach a d'fhoghlaim Ciana a cuid scileanna liathróid láimhe an chéad lá riamh! Tá an chéad chlár ar fáil ar Sheinnteoir TG4 anois ar an suíomh idirlín www.tg4.ie.

## BRONNTANAIS Ó CHOLÁISTE CHROÍ MHUIRE

Bheartaigh rang na hidirbhliana i gColáiste Chroí Mhuire, An Spidéal, - faoi threoir a múinteoir Aisling Ní Thuairisg - bronntanais a bhronnadh ar chónaitheoirí Árais Chois Fharraige ag an Nollaig ó tharla nach raibh cuairteoirí ceadaithe ann i rith aimsir na Nollag. Bhailigh na daltaí an t-airgead eatarthu féin chun na bronntanais a cheannach, le ardú meanman a thabhairt do chónaitheoirí an Árais.

Áras Chois Fharraige
Ar nós do bhaile féin




## CAIFE AGUS COMHLUADAR LE TEANGA TÍ

Tá *Caife agus Comhluadar* á reáchtáil agTeanga Tí. Tabharfar deis do thuismitheoirí a bhfuil gasúir óga acu teacht le chéile go rialta trí *Zúm* agus *WhatsApp* le haghaidh comhrá, comhluadar agus rannta. Le páirt a ghlacadh ann, seol do chuid sonraí teagmhála chuig cabrini@glornagael.ie. Níos mó eolais ar fáil ar an gcuntas FB: Teanga Tí




## RANGANNA ACLAÍOCHTA FÍORÚLA DO GHASÚIR

Tá ranganna aclaíochta ar *Zúm* do ghasúir á reáchtáil ag **Spórtlann Naomh Anna**. Níl costas ar bith ar na ranganna, ní gá clárú roimh ré agus cuirtear an focal faire ar fáil ar chuntas FB: Spórtlann Naomh Anna roimh thús na ranganna. Bíonn trí rang in aghaidh na seachtaine ar fáil. Beidh an chéad rang eile ar siúl ar an Aoine 15ú Eanáir @ 4i.n.




## GEARRSCÉALTA UÍ CHADHAIN

Beidh an chéad seisiún plé i 2021 ar **Ghearrscéalta Uí Chadhain**, ar siúl ar an Domhnach beag seo, 17 Eanáir ar Zúm @ 7:30i.n. *'Tnúthán an Dúchais'* an gearrscéal a bheas faoi chaibidil faoi stiúir Mhike P. Ó Conaola. Le páirt a ghlacadh sa bplé níl le déanamh ach teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig optchoisfharraige@gmail.com le clárú agus an scéal a léamh, roimh ré dar ndóigh!

## CRANNCHUR CHUMANN MICHEÁL BREATHNACH CLG

Beidh crannchur Chumann Micheál Breathnach ar ais ar an Luan 18 Eanáir agus €9,200 sa bpota óir. Is ar líne a bheas sé as seo go ceann píosa. Muna bhfuil fáil agat ar an gcóras ar líne, níl bac ort! Is féidir páirt a ghlacadh ann ar feadh 5 seachtaine, ach €10 a chur i gclúdach litreach le d'ainm agus na huimhreacha atá roghnaithe agat, agus é a fhágáil isteach **Tigh Durkin** nó **Tigh Sé** do Chumann Micheál Breathnach, áit a bpiocfar suas é.

## CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Beidh **Club Leabhar Chois Fharraige** ag teacht le chéile ar an gCéadaoin 10 Feabhra @ 8i.n. leis an leabhar *Ón Spidéal go Strasbourg* le Seán Ó Neachtain a phlé. Le páirt a ghlacadh ann, ní mór an leabhar a léamh roimh ré agus teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig clubleabharcf@gmail.com agus seolfar nasc Zúm chugat. Tá an leabhar ar fáil ar líne ó Chló Iar-Chonnacht ag www.cic.ie.
Bígí ag léamh!




## CLUB FOGHLAIMEOIRÍ GAEILGE CHOIS FHARRAIGE

Tá ranganna **Chlub Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige** ar bun arís. Cuireann an club réimse leathan ranganna ar fáil ó ghlan-tosaitheoirí, go tosaitheoirí, bonnleibhéal agus meánleibhéal. Le cloí le srianta Covid, is ar Zúm atá na ranganna faoi láthair. €40 an costas ar dheich rang. Tá spásanna fós ar fáil ach ós rud é go bhfuil teorainn ar líon na rannpháirtithe i chuile rang caithfear clárú roimh ré. Le tuilleadh eolais a fháil, nó le clárú, is féidir teagmháil a dhéanamh le spiddal.gaeilge@gmail.com nó glaoch ar 085 8786 697.



## GRIANGHRAIF AG TEASTÁIL DO SCÉAL, SCÉAL, SCÉAL...

Tá **Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga** sa tóir ar ghrianghraif le foilsiú anseo i *Scéal, Scéal, Scéal...* Is féidir grianghraif nua a thógáil nó is féidir grianghraf atá tógtha agat cheana a sheoladh chugainn. Íomhánna den cheantar nó tírdhreach Chois Fharraige atá uainn. Glacfar leis na grianghraif ar Facebook: Pleanáil Teanga Chois Fharraige nó ar ríomhphost chuig optchoisfharraige@gmail.com Tabharfar masc Chois Fharraige don chéad chúigear a sheolann íomhá chugainn! Seo thíos samplaí de na grianghraif a bhí againn sa nuachtlitir go dtí seo.



**Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh linn i *Scéal, Scéal, Scéal...* is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharraige@gmail.com Is féidir teagmháil a dhéanamh linn freisin má tá eolas ag teastáil uait ar aon cheann de na scéalta a luaitear anseo!**

## SIAMSÁN SA MBAILE LE TUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Seolfaidh **Tuismitheoirí na Gaeltachta** *Siamsán sa mBaile* ar an Luan 18ú Eanáir. Imeachtaí do theaghlaigh a bhéas ann. Cuirfear tús leis na himeachtaí @ 12i.n. ar an gcóras Zúm. Clúdófar ábhar ar leith chuile sheisiún. Seisiún aireachais a bheidh ar siúl ar an Luan, seisiún ealaíona ar an Máirt agus rang aclaíochta ar an gCéadaoin. Iarrfar ar dhaoine clárú roimh ré. Don aireachas, déan teagmháil le aisling @tuismitheoiri.ie, don rang ealaíona, cláraigh le meadhbh@tuismitheoiri.ie agus is féidir teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig eilin@tuismitheoiri.ie le clárú don aclaíocht. Tá an t-eolas uilig le fáil ar chuntas FB: Tuismitheoirí na Gaeltachta.

